Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7606/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0063(NLE)**

**MAMA 63**
**MED 25**
**PA 1**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Márta 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 119 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le Trádáil agus Comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le Plean Gníomhaíochta an AE–Údarás na Palaistíne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 119 final - IARSCRÍBHINN.

Faoi iamh: COM(2025) 119 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.3.2025
COM(2025) 119 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le Trádáil agus Comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le Plean Gníomhaíochta an AE–Údarás na Palaistíne**

# IARSCRÍBHINN

## MOLADH UIMH. xxx ÓN gCOMHCHOISTE AE–EAGRAÍOCHT SHAOIRSE NA PALAISTÍNE lena bhformheastar síneadh a chur le Plean Gníomhaíochta AE–Údarás na Palaistíne [XXX 2021]

TÁ COMHCHOISTE AE–EAGRAÍOCHT SHAOIRSE NA PALAISTÍNE,

Ag féachaint don Chomhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le Trádáil agus Comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile (‘an Comhaontú Eatramhach Comhlachais’),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndáil leis an gComhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le Trádáil agus Comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile (‘an Comhaontú Eatramhach Comhlachais’), síníodh é an 24 Feabhra 1997 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1997[1].

(2) De bhun Airteagal 63 den Chomhaontú Eatramhach Comhlachais, féadfaidh an Comhchoiste cinntí a ghlacadh agus moltaí iomchuí a dhéanamh.

(3) Déantar foráil le hAirteagal 10 de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste maidir leis an bhféidearthacht cinntí nó moltaí a ghlacadh trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn idir na seisiúin i gcás ina gcomhaontaíonn an dá Pháirtí amhlaidh.

(4) Leis an síneadh 2 bhliain ar Phlean AE–Údarás na Palaistíne[2] beidh deis ag na Páirtithe an comhar eatarthu a fhorbairt sna blianta amach romhainn, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí chaibidlíocht fhéideartha maidir le tosaíochtaí comhpháirtíochta,

AG MOLADH AN MHÉID SEO A LEANAS:

*Airteagal 1*

Molann an Comhchoiste, ag gníomhú dó trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, síneadh 2 bhliain a chur le Plean AE–Údarás na Palaistíne ó lá glactha a shínte ar aghaidh.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an Moladh seo ar dháta a ghlactha.

*Thar ceann Chomhchoiste AE–Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne*

[1] https://www.consilium.europa.eu/ga/documents-publications/treaties-agreements/agreement/?id=1997014

[2] https://enlargement.ec.europa.eu/system/files/2019-01/eu-palestine_action_plan_2013.pdf

*An Cathaoirleach*

***